Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10911 — PARTNERS GROUP / KOHLBERG / USIC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 402/08)

1. An 10 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Partners Group AG ("Partners Group", an Eilvéis),

— Kohlberg & Co., L.L.C. ("Kohlberg", SAM),

Gheobhaidh Partners Group agus Kohlberg rialú comhpháirteach ar Onecall Holdings, Inc. ("Onecall", SAM) de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Partners Group: cuideachta bainistíochta domhanda le haghaidh infheistíochta i margaí príobháideacha,

— Kohlberg: cuideachta bainistíochta cothromais phríobháidigh speisialaithe in infheistíochtaí i gcuideachtaí meánmhargaidh,

— Onecall: tá lánúinéireacht indíreach aige ar USIC Holdings Inc. ("USIC"), soláthraí seirbhísí um dhamáiste fóntais faoi thalamh a chosc agus seirbhísí aimsithe fóntais sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada. Tá Onecall faoi rialú aonair Partners Group faoi láthair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10911 – PARTNERS GROUP / KOHLBERG / USIC

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo a leanas:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË